Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Aibreán 2025
(OR. en)

12799/24

PUBLIC 106
INF 206

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE - MEÁN FÓMHAIR 2022 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha[1] a ghlac an Chomhairle i mí Mheán Fómhair 2022[2][3].

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha,
- an seisiún den Chomhairle a bhí i gceist,
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil,
- tagairt do mhiontuairiscí sheisiún na Comhairle ag ar glacadh an gníomh.

1 Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (féach an cló iodálach).
2 Cé is moite de ghníomhartha áirithe a bhfuil raon feidhme teoranta acu, mar shampla, cinntí nós imeachta, ceapacháin, sainchinntí buiséadacha, etc., ach amháin má ghlactar trí nós imeachta i scríbhinn iad.
3 I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a reáchtáiltear an cruinniú den Chomhairle ag a nglactar an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag:
[Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle (gníomhartha) – Consilium]

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: [Doiciméid agus foilseacháin – Consilium].

Mura bhfuil teacht ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag:
https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil - is iad miontuairiscí na Comhairle amháin atá barántúil. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag:
[Miontuairiscí na Comhairle – Consilium]

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ MHEÁN FÓMHAIR 2022 | |
|---|---|
| **An 3893ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) a tionóladh sa Bhruiséil an 9 Meán Fómhair 2022** (Miontuairiscí: 12288/22 + ADD1) | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le Comhaontú leis an Nua-Shéalainn maidir lena rannpháirtíocht*<br>*i gcláir an Aontais agus a chomhlachas le Fís Eorpach*<br>Cinneadh (AE) 2022/1527 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn le haghaidh Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)<br>IO L 237, 14.9.2022, lch. 18-18 | 11439/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht chun comhaontú a thabhairt i gcrích le Ceanada maidir lena rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus maidir lena chomhlachas le Fís Eorpach*<br>Cinneadh (AE) 2022/1526 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ceanada maidir le Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)<br>IO L 237, 14.9.2022, lch. 17-17 | 11436/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe éascaithe víosaí le Cónaidhm na Rúise a fhionraí*<br>Cinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a éascú a chur ar fionraí go hiomlán<br>IO L 234I, 9.9.2022, lgh. 1-3 | 12039/22 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1507 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin<br>IO L 235, 12.9.2022, lch. 32 | 11431/22 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1501 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin<br>IO L 235, 12.9.2022, lgh. 1–3 | 11433/22 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger)*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1505 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Nígir (EUCAP Sahel Niger)<br>IO L 235, 12.9.2022, lgh. 28–29 | SN 11199/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1509 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia<br>IO L 235, 12.9.2022, lch. 35 | 11546/22 + ADD1) |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1502 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia<br>IO L 235, 12.9.2022, lgh. 4–5 | 11548/22 + ADD1) |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh chun tacú le forbairt na teicneolaíochta faisnéise chun scaipeadh faisnéise faoi bhearta sriantacha an Aontais a fheabhsú*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1506 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh chun tacú le forbairt na n-uirlisí teicneolaíochta faisnéise chun scaipeadh faisnéise faoi bhearta sriantacha an Aontais a fheabhsú<br>IO L 235, 12.9.2022, lgh. 30–31 | 11231/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1510 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré<br>IO L 235, 12.9.2022, lch. 37 | SN 11805/22 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1503 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré<br>IO L 235, 12.9.2022, lgh. 6–18 | SN 11807/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le Palaistínigh áirithe a bheith á nglacadh ag Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh ar bhonn sealadach*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1508 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 a bhaineann le Palaistínigh áirithe a bheith á nglacadh ag Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh ar bhonn sealadach<br>IO L 235, 12.9.2022, lch. 34–34 | 11541/22 |

| | |
|---|---|
| **An 3894ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Ginearálta) a tionóladh sa Bhruiséil an 20 Meán Fómhair 2022**<br>(Miontuairiscí: 12847/22 + ADD1 REV1) | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh maidir le cúnamh macrairgeadais eisceachtúil a sholáthar don Úcráin*<br>Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an ciste don soláthar coiteann le ráthaíochtaí ó na Ballstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201<br>IO L 245, 22.9.2022, lgh. 1–13 | 49/1/22 REV 1 |
| *Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022: Nuashonrú ar ioncam*<br>Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022: Nuashonrú ar ioncam ag eascairt as an réamh-mheastachán arna dhéanamh ar acmhainní dílse mar aon le hioncam eile agus coigeartuithe teicniúla eile | 12093/22 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank*<br>Cinneadh (AE) 2022/1640 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le iniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank<br>IO L 247, 23.9.2022, lgh. 72–73 | 11879/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1633 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19<br>IO L 245, 22.9.2022, lgh. 52–55 | 11991/22 |
| *Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – Éire: comhar póilíneachta*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Éirinn i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an chomhair póilíneachta | 11954/22 |

| | |
|---|---|
| *Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – an Iodáil: comhar póilíneachta*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Iodáil maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an chomhair póilíneachta | 11956/22 |
| *Moladh arna eascairt as meastóireacht Schengen – an Ísiltír: cosaint sonraí*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Ísiltír i dtaca le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse na cosanta sonraí | 11958/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gCreat-chomhaontú idir an tAontas agus an Astráil a thabhairt i gcrích*<br>Cinneadh (AE) 2022/1664 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chreat-Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Astráil, den pháirt eile<br>IO L 255, 3.10.2022, lch. 1 | 11886/22 |
| *Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1626 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir<br>IO L 244, 21.9.2022, lch. 17 | 12072/22 |
| Rialachán (AE) 2022/1621 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<br>IO L 244, 21.9.2022, lgh. 1–2 | 12081/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le hiarmhairtí an chinnidh ón Ardionadaí maidir le struchtúir shibhialtacha bainistithe géarchéime a atheagrú sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a mhéid a bhaineann le feidhm Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha do mhisin shibhialtacha bainistithe géarchéime*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1625 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir le hiarmhairtí an chinnidh ón Ardionadaí maidir le struchtúir shibhialtacha bainistithe géarchéime a atheagrú sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a mhéid a bhaineann le feidhm Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha do mhisin shibhialtacha bainistithe géarchéime<br>IO L 244, 21.9.2022, lgh. 15–16 | 11588/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i leith an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú i ndáil le leasuithe áirithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú (AEWA)*<br>Cinneadh (AE) 2022/1850 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú i ndáil le leasuithe áirithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú<br>IO L 257, 5.10.2022, lgh. 6–7 | 11609/22 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais sa Chomhchoiste - CTA na hEilvéise (lena leasaítear iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú)*<br>Cinneadh (AE) 2022/1660 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L 250, 28.9.2022, lgh. 6–13 | 11571/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas Eorpach laistigh den Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin i ndáil le glacadh na Rialachán athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin*<br>Cinneadh (AE) 2022/1912 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh na Rialachán athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin<br>IO L 261, 7.10.2022, lgh. 48–52 | 11265/1/22 REV 1) |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le Rialachán (AE) 2022/1032 maidir le stóráil gáis a ionchorprú in acquis an Chomhphobail Fuinnimh*<br>Cinneadh (AE) 2022/1842 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le hionchorprú Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le stóráil gáis in acquis an Chomhphobail Fuinnimh<br>IO L 254, 3.10.2022, lgh. 43–55 | 12060/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh sin | 12102/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe Chuimsithigh Aeriompair le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN)*<br>Cinneadh (AE) 2022/1643 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais<br>IO L 248, 26.9.2022, lgh. 1–2 | 8896/22 |

| **An 3895ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Talmhaíocht agus Iascach) a tionóladh sa Bhruiséil an 26 Meán Fómhair 2022**<br>(Miontuairiscí: 12807/22 + ADD1) | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil leis na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)*<br>Cinneadh (AE) 2022/1663 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus ar na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)<br>IO L 250, 28.9.2022, lgh. 19–22 | 12123/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i gComhchoiste AE-na Síne um Thásca Geografacha a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh*<br><br>Cinneadh (AE) 2022/1677 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh<br>IO L 252, 30.9.2022, lch. 64 | 11862/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear don Phortaingéil rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1662 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear don Phortaingéil rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE<br>IO L 250, 28.9.2022, lgh. 17–18 | 12099/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear do Lucsamburg maolú maidir le CBL a thabhairt isteach*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1661 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/677/AE lena n-údaraítear do Lucsamburg beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha<br>IO L 250, 28.9.2022, lgh. 14–16 | 12089/22 |

| | |
|---|---|
| *Comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le hathruithe ar tharaif-chuótaí an Aontais i sceideal na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) tar éis Brexit*<br>Cinneadh (AE) 2022/1665 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>IO L 251, 29.9.2022, lch. 1 | 11722/22 |
| Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>IO L 119, 5.5.2023, lgh. 3–19 | 11724/22 |
| Cinneadh (AE) 2023/912 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>IO L 119, 5.5.2023, lch. 1 | 11723/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le sreafaí trasteorann sonraí laistigh den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an tSeapáin*<br>Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin i ndáil le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch | 12259/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena dtacaítear le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun an Treochlár Réigiúnach maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar a chur chun feidhme*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1654 ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1788 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun an Treochlár Réigiúnach maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar a chur chun feidhme<br>IO L 249, 27.9.2022, lgh. 45–46 | 12129/22 |

| **An 3896ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Talmhaíocht agus Iascach) a tionóladh sa Bhruiséil an 29 Meán Fómhair 2022** (Miontuairiscí: 13066/22 + ADD1) | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuiris*<br>Cinneadh (AE) 2022/1846 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís<br>IO L 256, 4.10.2022, lgh. 3–4 | 5657/22 |
| *Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (an ceathrú leasú)*<br>Rialachán (AE) 2022/1670 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>IO L 252, 30.9.2022, lgh. 1–3 | 12383/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas Eorpach laistigh den Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin i ndáil le glacadh na Rialachán athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin*<br>Cinneadh (AE) 2022/1912 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh na Rialachán athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin<br>IO L 261, 7.10.2022, lgh. 48–52 | 11265/1/2022 REV1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas i gComhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann idirthurais a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin*<br>Cinneadh (AE) 2022/1932 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin<br>IO L 266, 13.10.2022, lgh. 17-18 | 12352/22 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas laistigh den chomhchoiste idir an tAontas Eorpach agus an Mhongóil maidir le meitheal speisialaithe don chomhar um fhorbairt*<br>Cinneadh (AE) 2022/1851 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, a bhaineann le Meitheal Speisialaithe um Chomhar um Fhorbairt a bhunú<br>IO L 257, 5.10.2022, lgh. 8–9 | 12066/22 |
| ROCHTAIN PHOIBLÍ AR DHOICIMÉID – Iarratas daingniúcháin Uimh. 14/c/01/22 | 11843/22 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear don tSualainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le peitreal, gás-ola neamh-mharcáilte agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1843 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear don tSualainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le peitreal, gás-ola gan mharcáil agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE<br>IO L 254, 3.10.2022, lgh. 56–57 | 12101/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (UNVIM)*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1682 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin<br>IO L 252, 30.9.2022, lgh. 76–77 | 12389/22 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích leasuithe maidir leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992*<br>Cinneadh (AE) 2022/1910 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 maidir le tabhairt i gcrích leasuithe maidir leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992<br>*IO L 261, 7.10.2022, lgh. 1–5* | *7978/22* |

| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 1 Meán Fómhair 2022** | **CM 4139/22** |
|---|---|
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1447 ón gComhairle an 1 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L 227I, 1.9.2022, lgh. 4–5 | 11825/22 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1446 ón gComhairle an 1 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L 227I, 1.9.2022, lgh. 1–3 | 11827/22 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1447 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1446 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L 335, 2.9.2022, lch. 5 | CM 4138/22 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1447 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1446 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO C 335, 2.9.2022, lch. 3 | CM 4138/22 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO C 335, 2.9.2022, lch. 6 | CM 4138/22 |

| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 6 Meán Fómhair 2022** | **CM 4262/22** |
|---|---|
| Glacadh an tseasaimh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 | 11075/22 + COR 1 |
| **Ráiteas maidir le híocaíochtaí**<br>D'fhonn cur chun feidhme cuí chláir an Aontais a áirithiú, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán gníomhach a dhéanamh, le linn na bliana 2023, ar chur chun feidhme chláir an CAI reatha agus na CAInna roimhe seo (go háirithe i bhfo-cheannteideal 2a agus i bhForbairt Tuaithe). Chuige sin, iarrann sí ar an gCoimisiún tíolacadh a dhéanamh, ar bhonn tráthúil, ar fhigiúirí nuashonraithe a mhéid a bhaineann le staid na himeartha agus le meastacháin maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2023 (agus cruinneas réamhaisnéisí feabhsaithe na mBallstát á gcur i gcuntas i gcás inarb infheidhme). Má léirítear sna figiúirí nach leor na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2023 chun na riachtanais a bhfuil údar cuí leo a chumhdach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réiteach iomchuí a thíolacadh a luaithe is féidir, *inter alia* dréachtbhuiséad leasaitheach, d'fhonn go mbeidh an t-údarás buiséadach in ann aon chinntí is gá a dhéanamh a luaithe is féidir gan moill mhíchuí le haghaidh riachtanais a bhfuil údar cuí leo. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an Chomhairle san áireamh práinn an ábhair, agus giorrú á dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine le haghaidh cinnidh má mheastar gur gá sin. Is amhlaidh an cás *mutatis mutandis* má léirítear leis na figiúirí go bhfuil na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2023 níos airde ná mar is gá.<br>Déanfaidh an Chomhairle scrúdú cúramach ar an litir leasaitheach a bhaineann leis an talmhaíocht (lena n-áirítear faisnéis maidir le hioncam sannta) chun measúnú iomchuí a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní faoi cheannteideal 3 (*Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol*) i mbuiséad 2023. | 11075/22 ADD1 REV1 |
| **Ráiteas maidir le gnéithe nár cuireadh san áireamh agus an seasamh ón Comhairle á bhunú**<br>Tugann an Chomhairle dá haire go ndéanfaidh sí athmheastóireacht ar an seasamh uaithi i bhfianaise na faisnéise breise atá le cur ar fáil sa litir leasaitheach, agus aird á tabhairt ar an staid reatha agus ar dhúshláin eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn gan choinne. I bhfianaise na staide eisceachtúla, díreofar go speisialta ar na tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le leithreasaí íocaíochta amhail FAST-CARE.<br>Go háirithe, tugann an Chomhairle dá haire na héiginnteachtaí agus iarmhairtí an chogaidh san Úcráin a éilíonn cúnamh ón Aontas Eorpach. Thairis sin, tá tionchar ag an ngéarchéim ar an tslándáil bia i gcomharsanacht an deiscirt.<br>I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar rátaí úis, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cur chuige stuama a chur i bhfeidhm bunaithe ar fhíor-riachtanais ina eisiúintí fiachais sa dara leath de 2022; ar an gcaoi sin, teorannaítear na costais úis atá le híoc as buiséad an Aontais in 2023 agus sna blianta atá le teacht.<br>I ndáil leis sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún an fhaisnéis is gá a thíolacadh a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí an 21 Meán Fómhair 2022, chun obair an dá bhrainse den údarás buiséadach a éascú, agus chun a áirithiú go nglacfar buiséad 2023 go tráthúil. | 11075/22 ADD1 REV1 |

| | |
|---|---|
| **Ráiteas maidir le hAirteagal 241**<br>Tugann an Chomhairle dá haire go gcuirtear ualach neamh-inbhuanaithe ar chaiteachas riaracháin sna ceannteidil uile de bharr an mhodha atá ann faoi láthair maidir le nuashonruithe uathoibríocha ar thuarastail, sa timpeallacht boilscithe dífhasaigh atá ann faoi láthair. De réir an chlársceidealaithe airgeadais nuashonraithe, is é an toradh a bheidh ar an méadú ar thuarastail dá bhforáiltear in 2022 go mbeidh riachtanais maoiniúcháin bhreise shuntasacha ann faoi cheannteideal 7, ní hamháin in 2022 agus 2023, ach sna blianta atá le teacht freisin faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, rud a sháraíonn uasteorainneacha an cheannteidil seo. Má dhéantar méadú níos airde ná 2 % ar thuarastail amach anseo, déanfar an cás sin a ghéarú a thuilleadh.<br>Mura ndéanfaí aon bhearta cúitimh, cheanglófaí leis an bhforbairt sin ionstraimí speisialta a shlógadh a bheadh ar fáil murach sin chun imthosca gan choinne (amhail iarmhairtí díreacha agus indíreacha an chogaidh san Úcráin) a mhaoiniú. Ina theannta sin, tá imní curtha in iúl arís agus arís eile ag an gCoimisiún agus ag BCE go bhféadfadh innéacsú uathoibríoch pá sna Ballstáit a bheith ina chúis le héifeachtaí indíreacha a d’fhéadfadh suaitheadh boilscithe a dhéanamh níos seasmhaí, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le meath breise ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta laistigh den Aontas.<br>Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 241 CFAE agus faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2022, meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí agus ar inbhuanaitheacht an nuashonraithe tuarastail uathoibríoch i dtimpeallacht ardbhoilscithe, agus aon tograí iomchuí a chur faoina bhráid chun an brú ar chaiteachas riaracháin a mhaolú.<br>D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar na gnéithe atá le cur san áireamh i meastóireacht an Choimisiúin, ach níor cheart iad a bheith teoranta dóibh:<br>• fionraí aonuaire ar an nuashonrú bliantúil ar luach saothair oifigeach agus seirbhíseach eile, agus cearta faighte á n-aithint ag an am céanna;<br>• bearta nithiúla chun caiteachas nach mbaineann le tuarastal a shrianadh, mar shampla, caiteachas i réimsí an tomhaltais fuinnimh i bhfoirgnimh, costais mhisin nó a leithéidí (i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le CAI);<br>• méid agus fad na liúntas;<br>• leordhóthanacht an chórais cánach;<br>• an tobhach dlúthpháirtíochta a leathnú agus a shíneadh;<br>• tríú sásra nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne (sa bhreis ar an gclásal modhnóireachta agus ar an gclásal eisceachta) chun na coinníollacha sonracha a bhaineann le timpeallacht ardbhoilscithe a chur san áireamh go cuí.<br>nó aon bheart iomchuí eile i bhfianaise na staide sna Ballstáit agus inbhuanaitheacht an chaiteachais riaracháin i CAI, in am do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle iad a scrúdú agus a ghlacadh in éineacht leis an litir leasaitheach chuig buiséad 2023 an Aontais d’fhonn iad a ghlacadh roimh dheireadh 2022.<br>Gan dochar do mheastóireacht an Choimisiúin, meabhraítear don Chomhairle gur chinn an Chomhairle Eorpach i mí Iúil 2020 nach ndéanfar aon athbhreithniú meántéarma ar CAI 2021-2027. | 11075/22 ADD1 REV1 |

| | |
|---|---|
| **Ráiteas maidir le roinn féin Pharlaimint na hEorpa den bhuiséad**<br>Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an uasteorainn do cheannteideal 7 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 bunaithe ar an mbonn go nglacann institiúidí uile an Aontais cur chuige cuimsitheach spriocdhírithe chun líon na foirne a chobhsú agus caiteachas riaracháin a laghdú.<br>Meabhraítear don Chomhairle gur iarr Parlaimint na hEorpa (PE) cheana féin sa bhuiséad bliantúil do 2022 142 phost breise maidir lena plean bunaíochta, mar aon le 180 ball foirne seachtrach agus meabhraítear di, i ndáil leis an méid sin, an ráiteas ón gComhairle an 7 Nollaig 2021. I mbliana, áirítear i ráiteas caiteachais agus plean bunaíochta Pharlaimint na hEorpa do 2023 iarraidh ar 52 phost bhreise don phlean bunaíochta agus 116 chúntóir pharlaiminteacha chreidiúnaithe sa bhreis.<br>Tagann an iarraidh sin i gcomhthéacs rátaí arda boilscithe, áit a bhfuil an urraim d’uasteorainn cheannteideal 7 in 2023 i mbaol, rud a fhágann gur gá do gach institiúid guaim a choinneáil orthu féin, i gcomhréir leis an oibleagáid na huasteorainneacha bliantúla caiteachais a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, déanann iarraidh Pharlaimint na hEorpa an brú ar cheannteideal 7 a mhéadú a thuilleadh, rud a fhágann go bhfágtar faoi na hinstitiúidí eile an t-ualach a bhaineann lena gcaiteachas riaracháin a choimeád faoi smacht. Dá bhrí sin, níl sé i gcomhréir le hoibleagáidí Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 2 de Rialachán CAI, agus tagann sé salach ar phointí 129 agus 130 de na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 go dtí an 21 Iúil 2020 maidir le leibhéal cobhsaí foirne sna hinstitiúidí.<br>Agus réasúnaíocht an Chomhaontaithe Oinigh á hurramú, lena n-áirítear an chothromaíocht institiúideach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agus urraim d’uasteorainneacha CAI, iarrann an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa cloí leis an gcur chuige a ghlac an Chomhairle agus a áirithiú go n-urramófar uasteorainn cheannteideal 7. Meabhraítear di go bhfuil sé ar intinn ag an gComhairle leibhéal cobhsaí foirne a urramú agus ráta laghdaithe (folúntas) níos airde a chur i bhfeidhm ar a caiteachas riaracháin.<br>I bhfianaise an mhéid thuas, cuireann an Chomhairle in iúl an t-amhras mór atá uirthi maidir le ráiteas caiteachais Pharlaimint na hEorpa agus maidir leis an bplean bunaíochta do 2023. Díreoidh an Chomhairle a thuilleadh ar na gnéithe sin le linn na caibidlíochta ar bhuiséad bliantúil an Aontais do 2023. | 11075/22 ADD1 REV1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 8 Meán Fómhair 2022** | **CM 4217/22** |
| Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid – Iarratas daingniúcháin Uimh. 13/c/01/22 | 11693/22 |

| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 14 Meán Fómhair 2022** | **CM 4363/22** |
|---|---|
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin*<br>Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L 239, 15.9.2022, lgh. 149–296 | 11346/22 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO L 239, 15.9.2022, lch. 1 | 11348/22 |
| Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine agus na n-eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO C 353I, 15.9.2022, lch. 1 | 11349/22 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO C 353I, 15.9.2022, lch. 3 | 11349/22 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin<br>IO C 353I, 15.9.2022, lch. 5 | 11349/22 |